

an páipéar bán

An Caibideal rán Gaeltacht

(AR LEAN.)

Moladh 103: Go ndéanfaidh Roinn na Gaeltachta fiosrú poiblí faoi staid na Gaeilge i láthair na huaire sa dá limistéar i gCo. na Mí inar lonnainodh coilíneachtaí ón Ghaeltacht, agus más léir, de thoradh an fhiosraithe sin, go bhfuil an Ghaeilge chomh láidir iontu agus atá sí i limistéir imeallacha na Gaeltachta, mar a cinneadh i n1956, go n-áireofaí na limistéir sin go hoifigiúil ina gcuid den Ghaeltacht.

139. Leanfar den deontas bliantúil i leith leanaí atá ina nGaeilgeoirí a íoc sna ceantair atá i gceist i gCo. na Mí. Faoi mar atá curtha in iúl maidir le moladh 75, ní mheastar gur gá na scéimeanna speisialta go léir don Ghaeltacht a leathnú go dtí na háiteanna sin i gCo. na Mí, óir ní ceantair chúnga iad mar atá le fáil san Iarthar. Déanfar breithniú, áfach, ar an bhfadhb ar leith a bhaineann le caomhnú na Gaeilge sna háiteanna sin.

Moladh 104: In ionad teaghlaigh Ghaeilgeoirí a lonnú sa Ghaeltacht, agus iad a bheith scoite amach ó chéile, gurb í aidhm is cóir a bheith ag Coimisiún na Talún teaghlaigh Bhéarlóirí a bhfuil cónaí orthu faoi láthair sa Ghaeltacht, nó ar a himeall, a aistriú, agus an talamh a bheadh a thabhairt suas acu a úsáid chun cur le gabháltais Ghaeilgeoirí ina gcomharsanacht, agus sa dóigh sin bheith ag cur réimsí breise, de réir a chéile, le limistéir na Gaeltachta.

Moladh 105: Nach chóir teaghlaigh ón Ghaeltacht a athlonnú i gcroílár na Gaeltachta ach amháin nuair a bheadh eastáit mhóra—1,000 acra, abair, ar fáil chuige sin—thabharfaidh eastát dá leithéid sin gabháltas 40 acra do 25 teaghlach.

Moladh 106: Gur chóir féachaint le coilíneacht Gaeilgeoirí a bhunú, a ndéanfaí freastal iomlán orthu ina dteanga féin, i gcónaí do chúpla ceann de na cathracha móra, agus imirceoirí nua ón Ghaeltacht a threorú chun na gcoilíneachtaí sin.

140. Féachfaidh Coimisiún na Talún leis na moltaí seo a chur i bhfeidhm chomh fada agus is féidir. Tá constaicí le sárú, áfach. Is leasc le teaghlaigh an áit a bhfuil suíomh orthu a fhágáil agus talamh a thabhairt suas a bheadh oiriúnach chun feabhas a chur ar ghabháltais Ghaeilgeoirí sa chomharsanacht; is deacair eastáit mhóra a fháil a mbeadh fairsinge talún iontu lena roinnt ar ghasraí imirceoirí ón nGaeltacht, tar éis freastal ar dhaoine sa chomharsanacht a cuir-eadh as obair nó nach mbeadh acu ach gabháltas beag. Tá sé ridheacair, go háirithe, talamh a bheadh oiriúnach le haghaidh garraíodóireacht mhargaidh a fháil i gcónaí do chathracha.

Moladh 107: Gur chóir dian-iaictracht chomhleánúnach rianúil a dhéanamh chun roinnt bailte móra agus sráidbhailte in aice na Gaeltachta a Ghaelú gan mhoill, agus bheith ag cur lena bhfuil déanta cheana chun cathair Ghaeilgeoirí a dhéanamh de Ghailimh.

141. Faoi mar atá curtha in iúl ag an gCoimisiún, níorbh fholáir aird a thabhairt ar aigne phobal na háite i leith an Ghaelaith. Cé go mbeadh fonn ar an Rialtas comhoibriú chomh hiomlán agus is féidir in aon iarracht den sórt sin, ceapann siad gur ar na comhlachtaí deonacha atá ag obair don teanga atá sé de phríomhchúram an dearcadh fabhrach atá riachtanach a spreagadh sa phobal áitiúil agus iad a mhealladh chun gníomh a dhéanamh dá réir.

CÚRSAÍ COMHDHAONNACHAIS, OIDEACHAIS AGUS RÍARACHÁIN, ETC., A FHEABHSÚ

Moladh 108: Go ndéanfaí cabhair na múinteoirí adhmaóireachta agus foirgníochta atá ar fostú i ngairmscoileanna sa Ghaeltacht a chur ar fáil do phobal na comharsanachta chun comhairle agus treoir a thabhairt dóibh maidir le tógáil tithe, agus le háiseanna nua-

aimseartha a chur isteach ina dtithe. Ba chóir do Roinn na Gaeltachta agus don Roinn Oideachais comhshocrú a dhéanamh chuige sin, agus ba chóir a chur in iúl do na daoine, go rialta, cad iad na deontais agus na hiasachtaí is féidir a fháil faoi na scéimeanna atá i bhfeidhm.

142. Tá gach ní dá luaitear sa mholadh seo ar áireamh sna dualgais a chuirtear ar na Múinteoirí Foirgneolaíochta atá fostaithe ag na Coistí Gairmoideachais. Tugann na múinteoirí sin, sa Ghaeltacht mar-aon le háiteanna eile, comhairle agus cúnamh do dhaoine atá ag tabhairt faoi scéimeanna feabh-saithe tithe cónaithe nó tithe feirme. Mar chuid dá ngnáthobair tugann siad eolas freisin i dtaobh na cabhrach airgid atá le fáil ó chistí poiblí le haghaidh scéimeanna den sórt sin, chomh maith le comhairle ar conas is ceart iarratas a dhéanamh le haghaidh na cabhrach sin. Ar an gcuma sin, cuidíonn na Múinteoirí Foirgneolaíochta le hobair na Maoirseoirí Tithíochta atá fostaithe ag Roinn na Gaeltachta maidir le hAchtanna na dTithe (Gaeltacht).

Moladh 109: Gur chóir do na limistéir sin sa Ghaeltacht nach bhfuil halla iontu go fóill leas a bhaint as an deontas atá ar fáil

chun halla a thógáil a bheadh oiriúnach le drámaí a leiriú ann. Nuair a thugtar deontas ón Stát mar chabhair chun halla a thógáil i limistéar sa Ghaeltacht, ba chóir don Stát deimhin a dhéanamh de, sula gceadaítear an deontas, nach n-úsáidfear an halla sin le haghaidh imeachtaí ba dhochair do staid na Gaeilge sa chomharsanacht. Ba chóir go bhféachfaí le buíon ais-teoirí a eargú i ngach ceantar, agus go mbeadh na buíonta sin ag gabh-áil ionad a chéile ar fud na Gaeltachta, agus go mbeadh treoir agus teagasc ó shaineolai faoi leiriú, soilsiú, etc., le fáil acu ó am go ham, tríd an Chomhairle Náisiúnta Drámaíochta.

143. Tá poiblíocht tugtha i limistéir uile na Gaeltachta don scéim deontas le haghaidh tógáil hallaí. Éilítear de ghnáth ar úinéirí halla a thógtar le cabhair na ndeontas sin gníomhas iontaobhais nó comhaon-tú a shíniú á dhearbhu gur chun críocha a bhaineann leis an nGaeilge a úsáidfear an halla. Tá tuilleadh breithnithe á dhéanamh ar na slite is fearr chun forás a thabhairt faoi bhuíonta drámaíochta sa Ghaeltacht (féach an tuairisc ar mholtaí 259 go 261).

Moladh 110: Go bhféachfadh Coistí Gairmoideachais leis an traidisiún agus an bua ceoil atá go tréan i bpobal na Gaeltachta a fhorbairt trí thimire ceoil a cheapadh go gach limistéar Gaeltachta, agus go n-oibreodh na timrí sin i gcomhar leis na heagraíochtaí deonacha áitiúla.

144. Iarrfaidh an tAire Oideachais ar na Coistí Gairmoideachais lena mbaineann breithniú a dhéanamh féachaint cá mhéad a d'fhéadfaí an moladh seo a chur i bhfeidhm.

Moladh 111: Gur chóir cláir a léireodh saol agus saothúilacht mhuintir na Gaeltachta a chraoladh ar an raidió agus ar an teilifís, agus go mbeadh daoine sna limistéir sin a bhfuil éirim ar leith iontu páirteach sna cláir sin.

145. Déanfar é seo.

Moladh 112: Go bhfuil géarghá le nuachtán seachtainiúil i nGaeilge a d'fhreastalódh go sonrach ar an Ghaeltacht, agus nár mhór cúnamh maith airgid ón Stát a bheith á fháil aige, i dtosach báire ar aon nós.

146. Glactar leis an moladh seo ó thaobh prionsabail de.

sinn féin i nGailimh

AS cruinniú de Chomairle ceantar Gailimh Theas oo Sinn féin, i Loc Riad, cuireadh rún i bpeiróm gur érua leis an cruinniú an ponóio a bí óá dhéanamh as Aíri faoi daoine díograsac a bí as iarraio stad a cur le bánú na tuaithe san taobh thiar de Éirinn, agus as cur páitce roim leactnú easgras cosanta an Iarctar, 50 Co. na Gailtime.

ARO A' RÁCA

Chus aonad scannán ó Teleris Éireann cuairt ar teac pheadar Mac Suibir, Carraig Clíbe, Aro a' Ráca, i scaiteam na seachtaine agus rinnead scannán ansin ar déantúsaíocht breioin Óán na nGall, agus céardaióct baile eile a taispeáin pheadar Mac Suibir agus a teaghlac. Deir an scannán le feiceáil ar Teleris Éireann i gceann coicis nó mar

An Rinn

Comháirdeas le poireann na Rinne a tosaí le dul 50 baile áta Cliaic le comline i bpeile Orámaíochta na Scol, i mbliana, agus a fuair an triú h-ait insan comórtas d'Éirinn uile. Is mór an molaí atá tuille acu, agus oimniú comháirdeasas leo féin agus lena gcuid múinteoirí.

TORTAÍ TOGAICÍN

1965 DUN NA nGALL THJAR THEAS

TOTAL POLL 25,681.
VALID POLL 25,322.

SPOILED VOTES 259.
QUOTA 6,421.

	1st Count	2nd Count
BRENNAN, F.F.	7,020 elected	
O'DONNELL, F.G.	6,691 elected	
BRESLIN, F.F.	6,240	6,804 elected
WHITE, F.G.	4,298	4,326
REID, F.G.	1,432	1,438

TOTAL FIRST PREFERENCE VOTE				
	1954	1957	1961	1965
FIANNA FAIL	13,322	13,424	11,581	13,260
FINE GAEI	11,883	8,967	10,111	12,421
SINN FEIN	—	—	1,930	—

DUN NA nGALL THOIR THUAI DH

TOTAL POLL 25,375.
VALID POLL 24,936.

SPOILED VOTES 439.
QUOTA 6,344.

	1st Count	2nd Count	3rd Count
BLANEY, F.F.	9,003 elected		
CUNNINGHAM, F.F.	6,039	8,501 elected	
HARTE, F.G.	6,016	6,142	
McLAUGHLIN, F.G.	3,170	3,185	
McCAULEY, Lab.	1,147	1,203	

TOTAL FIRST PREFERENCE VOTE				
	1954	1957	1961	1965
FIANNA FAIL	16,424	14,881	14,424	15,042
FINE GAEI	10,085	7,012	9,077	9,186
REPUBLICAN	—	3,216	—	—
INDEP.	5,762	6,011	—	—
LABOUR	700	—	—	1,147

1961 DUN NA nGALL THJAR THEAS

ELECTORATE 36,231
VALID POLL 23,622.
QUOTA 5,906.

	1st Count	2nd Count	3rd Count
BRENNAN, F.F.	7,045	—	—
O'DONNELL, F.G.	5,512	5,546	6,030
GALLAGHER, F.G.	4,599	4,660	4,864
BRESLIN, F.F.	4,536	5,552	5,927
RODGERS, S.F.	1,930	1,958	—

BRENNAN, O'DONNELL AND BRESLIN ELECTED				
---	--	--	--	--

DUN NA nGALL THOIR THUAI DH

ELECTORATE 34,844
VALID POLL 23,501.
QUOTA 5,876

	1st Count	2nd Count	3rd Count
BLANEY, F.F.	8,738	—	—
CUNNINGHAM, F.F.	5,686	8,349	—
HARTE, F.G.	5,427	5,568	5,888
McLAUGHLIN, F.G.	3,650	3,708	3,789

BLANEY, CUNNINGHAM AND HARTE ELECTED.				
--	--	--	--	--